









# SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# An inbhuanaitheacht - breis a bhaint as beagán
















Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

# Lámhleabhar

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta

**Cuireadh comórtas SuperValu na mBailte Slachtmhara ar bun thiar sa bhliain 1958. Tá sé ar an tionscnamh comhshaoil inbhuanaithe is mó cáil in Éirinn. Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tá sé urraithe ag SuperValu ó bhí 1991 ann.**

Déantar moltóireacht ar an gcomórtas de réir ocht gcatagóir:

| | |
|---|---|
| **An Pobal – Pleanáil agus Rannpháirtíocht** | **Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí** |
| **Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh** | **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar Féin** |
| **An Inbhuanaitheacht – Breis a Bhaint as Beagán** | **Slacht agus Rialú Bruscair** |
| **Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta** | **Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí** |

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, clár dar teideal “I mbun athraithe”. I gcroílár an Chláir Oibre seo tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), spriocanna ina dtugtar léargas ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe.
I gcodanna éagsúla den fhoirm iontrála, feicfidh sibh nasc idir na spriocanna seo agus catagóirí éagsúla i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Más cuí, tugaigí sonraí i ngach catagóir ina bhféachann na tionscadail nó tionscnaimh le tabhairt faoi cheann amháin de na spriocanna inbhuanaithe nó níos mó ná sin.

Feicfidh sibh go bhfuil an chatagóir “An inbhuanaitheacht - breis a bhaint as beagán” ag teacht le spriocanna 6, 7, 9, 11, 12, 13, 14, 15 agus 17.




Fuarthas comhairle ó phainéal náisiúnta moltóirí chomórtas na mBailte Slachtmhara nuair a bhí an Lámhleabhar seo á chur le chéile. Tá an Lámhleabhar leagtha amach ina rannóga agus pléitear gach catagóir den chomórtas ceann ar cheann. Moltar don iontrálaí gan aon rannóg a léamh gan na cinn eile a léamh. Cuirtear béim mhór ar an tírdhreachadh sa mholtóireacht ar Shráid-dreacha agus Áiteanna Poiblí. Breathnófar ar Shráideanna Cónaithe, Limistéir Thithíochta, Bóithre Isteach, Sráideanna, Lánaí, Slacht agus Rialú Bruscair i gcatagóirí éagsúla. Mholfaimis daoibh, mar sin, breathnú ar na catagóirí ar fad, is cuma cén tionscadal nó tionscnamh a bheidh i gceist agaibh.

Ba chóir féachaint ar an rannóg ina dtugtar Eolas Ginearálta, áit a bhfuil eolas fiúntach do gach grúpa atá ag plé leis na Bailte Slachtmhara.

Sa rannóg seo, táimid ag plé leis “An inbhuanaitheacht - Breis a bhaint as beagán”. Féachaigí an bhileog scórála, áit a dtugtar na marcanna don chatagóir seo. An téacs atá ar an gcuid eile den fhoirm iontrála, tá sé ann chun cuidiú leis an iontrálaí an chuid seo den fhoirm iontrála a líonadh amach.

Déanaigí cur síos ar na bealaí a dtéann bhur gcuid gníomhaíochtaí i bhfeidhm ar chúrsaí le go mbeidh bhur lárionad níos inbhuanaithe agus le bhur dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Ba chóir smaoineamh, mar shampla, ar an úsáid a bhaineann sibh as bhur gcuid acmhainní (na modhanna nó na hábhair a úsáideann sibh, mar shampla), san obair ar thionscadail faoi théama nó níos mó ná sin de na príomhthéamaí seo: an inbhuanaitheacht, uisce, iompar, dramhaíl, fuinneamh agus athrú aeráide.
Déanaigí cur síos ar ghníomhaíochtaí ardaithe feasachta ar tugadh fúthu in bhur bpobal agus luaigí aon bhaint a bhí ann le Grúpaí Pobail eile sa chatagóir seo.




# AN INBHUANAITHEACHT - BREIS A BHAINT AS BEAGÁN

Tá forbairt á déanamh ar an gcatagóir seo i gcomhréir le beartas reatha an AE agus an rialtais mar aon le treoirlínte faoin 'dea-chleachtas'. Tugtar léiriú sa chatagóir seo ar ár gcuid iarrachtaí leis an úsáid a bhainimid as gach acmhainn sa phobal a laghdú ionas go mbeimid in ann an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Catagóir leathan atá ann. Seans go mbeidh iontas oraibh faoin méid tionscnaimh reatha atá agaibh sa phobal a mbeidh baint acu leis an gcatagóir seo! Gheofar tuilleadh eolais níos faide ar aghaidh sa cháipéis.

## Na rudaí a chuirfidh an Moltóir san áireamh

- Déanaigí cur síos ar na bealaí a dtéann bhur gcuid gníomhaíochtaí i bhfeidhm ar chúrsaí le go mbeidh bhur bpobal níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní hamháin na gníomhaíochtaí a dhéanann sibhse mar ghrúpa, ach an méid a bhíonn ar bun ag gnólachtaí áitiúla, scoileanna, foirgnimh phobail, cruinnithe pobail agus imeachtaí pobail, etc. Réimse iontach leathan atá ann: uisce, iompar, dramhaíl, fuinneamh agus an gníomhú ar son na haeráide.
- Ba chóir tuiscint a léiriú ar thábhacht na catagóire seo agus feasacht a léiriú ar an gclaonadh i dtreo Geilleagar Ciorclach agus fheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (rudaí atá ar bun agaibhse cheana féin, gach seans!)
- Tugaigí fianaise den obair atá déanta agaibhse mar ghrúpa de chuid na mBailte Slachtmhara le bhur dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú: an páipéar a úsáidtear a laghdú, coiste gan dramhaíl nó saor ó phlaisteach, carr-roinnt nó siúl chuig cruinnithe.
- An úsáid a bhaineann sibh as acmhainní do thionscadail a bhíonn ar bun agaibh (modhanna nó ábhair a úsáideann sibh), mar shampla, tarrthálas a athúsáid do thionscadail tírdhreachaithe nó bhithéagsúlachta. Gan lotnaidí a úsáid; caomhnú uisce i dtionscadail tírdhreachaithe.
- Gníomhaíochtaí feasachta eolais sa phobal - ceardlanna, taispeántais, laethanta eolais, seastáin i margaí feirmeoireachta, obair i gcomhar leis an scoil.
- Feachtais ardaithe feasachta ina n-úsáidtear nuachtlitreacha áitiúla, cláir fógraí, na meáin áitiúla, na meáin shóisialta.
- An bhfuil sibh ag obair i gcomhar le grúpaí eile in bhur bpobal? An mbíonn sibh ag malartú smaointe agus eolais ar a chéile nó ag tabhairt faoi thionscnaimh le chéile? Mar shampla, bíonn na Macaoimh agus Brídíní sa tóir ar thionscadail timpeallachta agus féadfaidh siad suaitheantais a ghnóthú. Taitníonn tionscadail uaschúrsála agus deisiúcháin le botháin na bhfear/na mban agus le grúpaí gníomhaíochta lucht scoir.

**Le tabhairt faoi deara:** Cuirtear i gcuimhne do ghrúpaí agus oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara gur gá tús áite a thabhairt i dtólamh dá sábháilteacht agus leas. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a iarraidh ar an nGarda Síochána sula dtugtar faoi thionscadail ar an mbóthar, cois bóthair nó ar imeall bóthair, é sin ar mhaithe le sábháilteacht oibrithe deonacha.

## CAD IS BAINISTIÚ INBHUANAITHE ACMHAINNÍ ANN?

Titeann moll mór rudaí faoin téarma ginearálta ‘acmhainní’. Bíonn nós ann smaoineamh ar na haraidí dramhaíola éagsúla agus na hacmhainní is féidir a shábháil ansin. Is tábhachtach smaoineamh chomh maith ar acmhainní tábhachtacha eile, cuir i gcás uisce, fuinneamh, iompar, bia agus ‘bia-aistir’, trealamh agus earraí in-athúsáidte. Is iomaí beart is féidir le Coistí na mBailte Slachtmhara a dhéanamh le laghdú a bhaint amach ar an leibhéal acmhainní a úsáidtear agus le héirí níos tíosaí ar acmhainní agus, san am céanna, an méid dramhaíola a ghintear a laghdú. Tá réimse gníomhaíochtaí i gceist anseo, cuid acu breá furasta, cuid acu a mbíonn níos mó cruthaitheachta ag baint leo. Tá Coistí na mBailte Slachtmhara in ann an pobal a spreagadh le smaoineamh ar athruithe beaga ar a n-iompar, cuir i gcás rudaí a cheannach ar an mórchóir, leabharlanna áitiúla a úsáid, earraí a dheisiú agus gan táirgí aon uaire a cheannach. Éifeachtúlacht acmhainne a thugtar ar chleachtais mar seo.

## CUSPÓIRÍ MAIDIR LE FORBAIRT INMHARTHANACH

Is iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an treoirphlean le saol níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách. Tugtar aghaidh iontu ar na dúshláin dhomhanda atá le réiteach againn, cuir i gcás an bhochtaineacht, éagothroime, an t-athrú aeráide, díghrádú comhshaoil, an tsíocháin agus an ceartas. Creideann moltóirí chomórtas na mBailte Slachtmhara go bhfuil an chatagóir seo ag teacht le cuid de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, mar atá leagtha amach roimhe seo sa cháipéis.



## CÉN ÁIT LE TOSÚ?

Moltar aithne a chur ar Oifigeach Feasachta Comhshaoil bhur nÚdaráis Áitiúil. Is saineolaí sa réimse seo an duine seo, duine a bheidh in ann comhairle a chur oraibh ina leith. Is minic na hOifigigh seo sa tóir ar ghrúpaí chun imeachtaí feasachta a reáchtáil, mar shampla cainteanna comhshaoil/laethanta feasachta. Deiseanna iontacha foghlama iad seo do bhur ngrúpa. Tasc millteanach fiúntach atá ann ócáid mar seo a eagrú, i gcomhar leis an scoil áitiúil, b'fhéidir. Bíonn deontais bheaga ar fáil uaireanta do thionscadail inbhuanaitheachta.

Aimsígí daoine in bhur gceantar a mbeadh saineolas acu: baill de choistí glasa, daoine a fhásann glasraí, garraíodóirí, lucht ‘déan féin é’ nó daoine atá meáite ar phobal níos inbhuanaithe a fhorbairt. Seans go mbeidh fochoiste agaibh le díriú go hiomlán ar an gcatagóir seo.

Is ar www.localprevention.ie/tidy-towns nó ar www.tidytowns.ie a gheobhaidh sibh tuilleadh smaointe. Tá eolas úsáideach i nuachtlitir chomórtas na mBailte Slachtmhara, foilseachán ina bhfuil grúpaí ón gcomórtas ag scaipeadh a scéalta le fada.

## CAD IS GEILLEAGAR CIORCLACH ANN?

Tá an brú agus an strus atá ag baint leis an múnla reatha, an táirgeadh líneach, le feiceáil sa saol mór thart orainn. Is mar sin atáimid ag bogadh i dtreo Geilleagar Ciorclach le hacmhainní luachmhara a chaomhnú, gnáthóga a chosaint agus truailliú a laghdú.

Córais don Gheilleagar Ciorclach:

- Coinníonn na córais seo an luach breise i dtáirgí chomh fada agus is féidir, agus bíonn siad dírithe ar an dramhaíl a chosc bunaithe ar athnuachan, athúsáid, deisiú, uasghrádú nó athchóiriú.
- Coinníonn siad acmhainní sa gheilleagar fiú nuair a bhaineann táirge deireadh a ré amach ionas go mbeifear in ann iad a úsáid ar bhealach fiúntach arís agus arís eile le luach breise a chruthú.

## CATAGÓIR NA hINBHUANAITHEACHTA A CHUR I gCRÍCH - CÉN ÁIT LE TOSÚ?

### Malartú Eolais:

Dul i mbun oibre leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil chun eolas a scaipeadh faoin dóigh cheart le córais reatha boscaí bruscair a úsáid agus a shoiléiriú gur gá ábhar glan, tirim agus scaoilte a chur isteach iontu. Is gá meabhrú do dhaoine áirithe leis na coimeádáin a úsáid i gceart, cuir i gcás an coimeádán bia, córais na n-araidí, an múiríniú baile. Tá cúrsaí ar fáil le saineolas a fhorbairt sa mhúiríniú.

### Suirbhéanna:

D'fhéadfaí suirbhé a dhéanamh le go mbeidh áit tosaigh agaibh mar ghrúpa ó thaobh cosc dramhaíola de. D'fhéadfaí an suirbhé a dhéanamh i gcomhar le sealbhóirí tí nó leis an scoil áitiúil (seans go mbeidh lucht na scoile i mbun suirbhéanna mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais). I suirbhéanna an-simplí, seans go gcuirfí san áireamh an líon tithe a bhfuil araidí múirín acu nó bearta caomhnaithe uisce, bailiú báistí mar shampla.

**Is féidir suirbhéanna a eagrú a bheidh chomh simplí nó chomh casta agus is mian libh. An chúis atá leo ná bhur bpointe tosaigh a shocrú le go mbeidh sibh in ann dul chun cinn a mheas. Tá suirbhéanna ar líne ar fáil chun an bealach a réiteach!**

Páirt a ghlacadh i suirbhéanna ar líne: D'fhéadfadh grúpaí i gcomórtas na mBailte Slachtmhara leas a bhaint as suirbhéanna ar líne, cuir i gcás www. greenhome.ie na heagraíochta An Taisce ina bhféachtar ar dhramhaíl, fuinneamh, uisce agus iompar - gnéithe a bhaineann leis an gcatagóir seo.

Tá rannóg ar leith ann do ghrúpaí i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. D'fhéadfaí iarraidh ar shealbhóirí tí in bhur gceantar nó i gceantar trialach le suirbhé simplí ar líne 'roimh ré' agus 'ina dhiaidh' a líonadh agus na torthaí a thuairisciú ar an bhFoirm Iarratais.

## CÉ NA TIONSCNAIMH ATÁ AR BUN CHEANA FÉIN?

Seans go mbeadh tionscnaimh ar bun cheana féin sa Phobal arbh fhiú iad a lua ar an bhFoirm Iontrála. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh coiste eile ag obair ar iarfheistiú fuinnimh ar ionad pobail nó clubtheach de chuid CLG. Thiocfadh libh tuairisc chun dáta a chur isteach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gnólacht ann atá tar éis gradam a bhaint amach as 'Fáilteachas Glas' nó 'Gnó Glas'.

Ba chóir gach leas a bhaint as feachtais feasachta atá ann cheana féin in bhur gcontae/réigiún, mar shampla an tSeachtain Eorpach faoi choinne laghdú dramhaíola, a bhíonn ann gach bliain i mí na Samhna. www. ewwr.eu. Tá treoir agus ábhar fógraíochta ar fáil do ghrúpaí páirteacha. Leanaigí Oifig Bainistithe Dramhaíola bhur nÚdaráis Áitiúil agus bhur Réigiúin ar na meáin shóisialta agus déanaigí an t-eolas a scaipeann siadsan a scaipeadh ar bhur leantóirí áitiúla féin.

Bíonn VOICE Ireland ag obair le pobail go leor ar fud na tíre chun tacú leo bearta níos inbhuanaithe a ghlacadh ina gceantar féin, bíodh sé sin trí cheardlanna athchúrsála agus ceardlanna coiscthe dramhaíola, an Cupán Coinneála nó tionscnaimh chun Pobail Chomhfhiosacha a spreagadh.

Tugaigí fianaise den ardú feasachta comhshaoil ar bhur n-iarratas.

Is doiligh an t-ardú feasachta a mheas ar lá na moltóireachta. Is tábhachtach mar sin eolas a thabhairt faoin méid atá déanta agaibh ó rinne sibh iarratas roimhe seo. Is féidir sampla nó dhó de bhur nuachtlitir a chur isteach, preasráitis, etc. chomh maith le cúpla grianghraf agus sibh ag freastal ar ócáid feasachta.

In áit bhur n-ócáid feasachta pobail a lua, d'fhéadfadh sibh an moltóir a chur ar an eolas faoin líon daoine a d'fhreastail ar an rud, cur síos a dhéanamh ar an méid a pléadh ann agus aon bhearta sa phobal agus/nó athruithe suntasacha ar iompar a lua. Is féidir leanúint ar aghaidh le tionscadail áirithe thar dhá bhliain de chomórtas na mBailte Slachtmhara má bhíonn athbhreithniú ann mar chuid díobh.

# AN SCÉAL A SCAIPEADH!

Seo gné thábhachtach den chatagóir seo. Tá sé ríthábhachtach daoine a chur ar an eolas faoin méid atá ar bun agaibh ar fud an phobail i gcoitinne. Seo cúpla leid faoi bhealaí ina bhféadfadh sibh an scéal a scaipeadh faoi bhur gcuid oibre:

- Gach cainéal ar na meáin shóisialta a úsáid
- Nuachtlitir bhliantúil a réiteach agus a scaipeadh (nó d'fhéadfadh sibh nuachtlitir an pharóiste a úsáid) chun díriú ar leideanna agus tionscnaimh spárála acmhainní (ar líne más féidir chun acmhainní páipéir a shábháil). D'fhéadfaí chomh maith tuairisc chun dáta a thabhairt ar chlár bliantúil oibre choiste chomórtas na mBailte Slachtmhara. Thiocfadh an nuachtlitir a chur chuig tithe saoire le linn an tséasúir turasóireachta.
- D'fhéadfaí na meáin shóisialta a úsáid, cuir i gcás X, Facebook agus teachtaireachtaí téacs, WhatsApp agus teachtaireachtaí ríomhphoist le gearradh siar ar na hacmhainní a úsáidtear. Ba chóir an moltóir a chur ar an eolas faoi na hacmhainní a spáráiltear.
- D'fhéadfaí preasráiteas a chur chuig na meáin áitiúla faoi bhur dtionscnaimh áitiúla don inbhuanaitheacht. Thiocfadh tuairisc rialta chun dáta a chur i 'Nótaí an Pharóiste' sa nuachtán áitiúil.
- Cuirigí Leideanna Maithe ar an suíomh gréasáin atá agaibh do chomórtas na mBailte Slachtmhara nó leid na seachtaine ar bhur leathanach Facebook.
- Scaipigí bhur scéal i Nuachtlitir náisiúnta chomórtas na mBailte Slachtmhara

## CHTAIS INBHUANAITHEACHTA SHAMPLACHAFEA

- Déanaigí **Feachtas Dramhphoist** agus bíodh deis ag cách páirt a ghlacadh ann. Déanaigí bhur ngreamán féin a dhearadh - 'cosc ar dhramhphost'. Is iad Cumann na hÉireann don Mhargaíocht Dhíreach an comhlacht ionadaíoch do mhargóirí díreacha in Éirinn. Tá "Seirbhís Roghanna Poist" acu inar féidir le daoine iad féin a bhaint ó liostaí don mhargaíocht dhíreach. Is ar www.idma.ie/what-is-mps a gheofar sonraí faoin tseirbhís sin.
- **Comórtas sa Phobal:** D'fhéadfadh sibh comórtas pobail a reáchtáil don 'smaoineamh is fearr don lón saor ó dhramhaíl', 'leid laghdaithe dramhaíola', téama spárála fuinnimh/uisce, an t-oideas is fearr ag baint leas as bia breise.
Má chuirtear duaiseanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar fáil, déanfaidh sé sin an teachtaireacht a threisiú (ceallraí/luchtairí in-athluchtaithe, bolgáin solais LED, butaí uisce, etc.). Cuirigí iontrálacha taispeántais in áit lárnach le go bhfeicfear iad, le bhur dteachtaireacht a neartú. Úsáideann grúpaí áirithe fuinneoga i siopaí atá folamh don chúis seo. Tá cuid mhaith grúpaí ann i gcomórtas na mBailte Slachtmhara a reáchtálann comórtais sa scoil áitiúil ar théama sonrach a bhaineann leis na Bailte Slachtmhara chun feasacht a fhorbairt i measc leanaí na scoile agus a muintire.
- **Bhur bhFéile a Ghlasú:** An mbíonn aon fhéilte ar siúl sa cheantar agaibh? Aon fhéilte áitiúla nó imeachtaí a bhíonn á n-eagrú ag eagraíochtaí pobail/scoile/spóirt, tugaigí tacaíocht dóibh leis an rud 'a ghlasú'. Is ar www.greenyourfestival.ie a gheofar smaointe.
- **Feachtas le haghaidh Nollaig Ghlas:** Reáchtálann an chuid is mó d'Údaráis Áitiúla feachtas le haghaidh Nollaig Ghlas. D'fhéadfadh sibhse leas a bhaint as bhur gcainéil áitiúla leis an eolas seo a scaipeadh níos mó.



## AN DÚSHLÁN Ó THAOBH CUR AMÚ BIA DE: CAD IS FÉIDIR LE GRÚPAÍ NA mBAILTE SLACHTMHARA A DHÉANAMH?

- Aon fheachtais atá mar chuid den Chlár Náisiúnta chun Cur Amú Bia a Chosc a chur chun cinn.
- Daoine a chur ar an eolas faoin lorg carbóin a bhaineann leis an gcur amú bia.
- An nasc idir cur amú bia agus plaisteach aon úsáide a léiriú. Daoine a spreagadh leis an dá chineál dramhaíola sin a laghdú.
- An araid dhonn agus an scaradh dramhaíola a chur chun cinn.
- Fiontraíocht shóisialta a fhógairt agus a spreagadh, e.g. Food Cloud.

Faighigí amach an méid bia a chuireann bhur bpobal amú gach seachtain! Féachaigí an 'Dúshlán maidir le Cur Amú Bia' ar www.foodwaste.ie áit a bhfuil acmhainní saor in aisce agus leideanna chun an cur amú bia a laghdú (pleanáil, ceannach, stóráil agus cócaireacht níos fearr). Beidh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil in ann comhairle a chur oraibh chomh maith. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar thionscadal buiséadaithe tí - tá airgead le sábháil! Seans go bhfuil Ionad Acmhainní áitiúil agaibh a mbeadh dúil acu a leithéid d'imeacht a reáchtáil ann. Taispeántas cócaireachta a eagrú bunaithe ar gach leas a bhaint as fuílleach bia. (mar shampla, trí ghrúpa áitiúil, cuir i gcás ICA, Lucht Scoir Gníomhach, nó i gcomhar le cócaire áitiúil).

***Dá mba thír a bheadh sa chur amú bia,*** *bheadh an tír sin ar an* ***tríú tír ba mhó*** *ó thaobh gáis ceaptha teasa a chur amach de, gan roimpi ach an tSín agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is ó Chur Amú Bia a thagann 8% de gháis dhomhanda ceaptha teasa. In Éirinn, ginimid* ***milliún tonna*** *de chur amú bia sa bhliain. Is ó dhramhaíl tí agus tráchtála a thagann 60% den mhéid seo. Faoi Phlean Gnímh an EA um an nGeilleagar Ciorclach, éilítear go mbainfear amach laghdú ar Chur Amú Bia ar fud an AE ar leibhéal* ***30% faoi 2025*** *agus* ***50% faoi 2030****.*

**Feachtas maidir le Dramhaíl Clúidíní:** Is féidir comhairle a iarraidh ar an Oifigeach Feasachta Comhshaoil maidir le taispeántas a eagrú dírithe ar chlúidíní in-athúsáidte, é dírithe, b'fhéidir, ar spriocghrúpa cuí in bhur bpobal (grúpa do thachráin agus tuismitheoirí, mar shampla)

**Múiríniú Baile agus Pobail:** Féadfaidh grúpaí i gcomórtas na mBailte Slachtmhara scotháin féir a mhúiríniú agus múirín duillí a dhéanamh as duilleoga a thiteann (ar oiriúntóir ithreach luachmhar é). Taispeánaigí go bhfuil feidhm á baint ag bhur gcoiste i gcomórtas na mBailte Slachtmhara as bhur múirín féin in bhur n-iarrachtaí plandaithe agus tírdhreachaithe. Cur chuige breá le dramhaíl a laghdú agus lenár lorg carbóin a laghdú ná daoine áitiúla a spreagadh le múirín a chothú sa bhaile (ní úsáidtear an oiread céanna fuinnimh agus a úsáidtear leis an araid orgánach dhonn). Má tá araidí donna ar fáil don dramhaíl orgánach, an úsáidtear mar is cuí iad nó ar chóir feachtas feasachta a eagrú ina dtaobh? Tá an t-eolas le fáil go furasta - níl le déanamh agaibh ach é a úsáid in bhur bhfeachtas áitiúil.

**Garraíodóireacht sa Phobal:** Tá neart samplaí le feiceáil sa tír de ghairdíní nó garraithe scóir pobail. Leis an ngarraíodóireacht, spreagtar an dea-iompar ó thaobh comhshaoil de agus baintear amach laghdú ar phacáistiú, ar an úsáid a bhaintear as ceimiceáin agus ar chur amú bia. Baintear amach laghdú ar ár lorg carbóin chomh maith toisc go ndéantar an bia a fhás go háitiúil - ní bhítear ag taisteal na mílte míle ón bhfeirm go dtí an forc.
Féadfaidh pobail crainn agus sceacha torthaí a chur le go mbeidh gach duine in ann leas a bhaint astu, plandaí a bheidh chomh tarraingteach céanna agus a bheadh cuid mhaith cineálacha ornáideacha plandaí. D'eagraigh pobal amháin tionscnamh a bhain le plandaí inite. Cuireadh luibheanna inite i mboscaí fuinneoige taobh amuigh de shiopaí ar an bpríomhshráid agus moladh do mhuintir na háite stróiceadh leo. I bpáirc i sráidbhaile beag eile, rinne leanaí na scoile comhartha chun daoine a mhealladh le luibheanna a thógáil agus chuir siad oidis mholta ar fáil chomh maith!



SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# LEIDEANNA MAITHE

Seo leideanna maithe atá simplí ach praiticiúil le pobal níos inbhuanaithe a spreagadh:
(seans go mbeidh bhur leideanna féin agaibh!)

- Ceannach ar an mórchuid/coimeádáin láidre in-athúsáidte a úsáid.
- Gan earraí aon uaire a cheannach.
- Siopadóireacht áitiúil: Féadfaidh sibh feachtais ar son na siopadóireachta áitiúla a lua. Déanann a leithéid fuinneamh agus taisteal a spáráil agus cuidíonn siad leis an ngeilleagar áitiúil.
- Bronntanais gan dramhaíl a chur chun cinn, cuir i gcás dearbháin/ticéid/ballraíocht.
- Acmhainní sa phobal a chur ar fáil ar bhonn coiteann, cuir i gcás trealamh lomtha féir/tírdhreachta.
- Gléasanna spárála uisce a chur isteach in áiseanna pobail (butaí uisce, gléasanna leis an sreabhadh uisce a laghdú i gcithfholcadáin/doirtil/leithris).
- Tá obair déanta ag grúpaí áirithe de chuid na mBailte Slachtmhara leis an údarás áitiúil le stáisiún athlíonta uisce a chur isteach in áiteanna suntasacha i mbailte móra.
- Tionscnaimh a chur isteach mar chuid de bhur n-iontráil, cuir i gcás scéimeanna bus pobail, cur chun cinn na coisíochta nó na rothaíochta (mar shampla, gníomhartha Taistil na Scoileanna Glasa, Páirceáil agus Siúil, Rothaíocht agus Bus).
- Stocaireacht a dhéanamh ar son cosáin agus bealaí rothaíochta (más cuí) agus moladh don údarás áitiúil bonneagar rothaíochta a chur isteach, cuir i gcás seastáin agus foscadáin rothar.
- Feachtas gealltanais éiceolaíochta a reáchtáil (dramhaíl/uisce/fuinneamh/gach cineál).
- Cur isteach ar Ghradaim Speisialta na mBailte Speisialta nó scoil/grúpa pobail a fháil leis sin a dhéanamh. Gradaim shamplacha ná Cosc Dramhaíola, Uisce sa Phobal, Spriocanna Forbartha
Inbhuanaithe, Ná Fág Lorg, Uisce agus Pobail, Gníomhú ar son na hAeráide agus neart eile. Ba chóir an t-eolas céanna a chur isteach sa phríomhiontráil agus a chuirtear isteach faoin gcatagóir seo.
- ‘Leid na seachtaine’ chun dramhaíl a chosc a chur ar bhur gclár fógraí/leathanach Facebook.
- Oíche déanta suibhe a eagrú don phobal, i ndiaidh seisiún bainte caor, b'fhéidir. Bileoga le hoidis orthu a chur ar fáil do chineálacha suibhe agus seatnaí. Siúlóid agus seisiún cainte sealgaireachta a eagrú.
- Tá pobail áirithe in ann seirbhísí inslithe a fháil saor in aisce do theaghlaigh atá ina dteideal, mar shampla daoine scothaosta. An bhfuil aon scéim mar sin in bhur gceantarsa agus cén méid atá bainte amach faoin scéim? Déanann Gníomhaíocht Fuinnimh Éireann an scéim a riar i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. www.energyaction.ie. Is ar www.seai.ie a gheofar leideanna agus scéimeanna deontais do shealbhóirí tí/do phobail.
- Leabhair/irisí caite a bhronnadh ar leabharlann, teach altranais, clinic dochtúra, etc.
- Ceardlann nó tionscadal deisiúcháin pobail a chur ar bun. Bíonn tóir ar na ‘Caiféanna Deisiúcháin’ in áiteanna áirithe. Na scileanna nó an saineolas rúnda le rudaí a dheisiú sa phobal agaibh a aimsiú, mar shampla deisiú rothar, ríomhairí, troscáin agus seodra, athruithe ar éadaí, etc. Bíonn an-spraoi lena leithéid mar imeacht sóisialta pobail. Seans go mbeidh sé riachtanach dul ag obair i gcomhar leis an údarás áitiúil. www.changex.org/ie/ repaircafe
- D’fhéadfaí lá ‘tabhair agus tóg leat’ nó ‘siopa malartaithe’ a reáchtáil d’earraí in-athúsáidte, éadaí agus mangaisíní. D’fhéadfaí airgead a bhailiú mar chuid de.
- Fóin nach n-úsáidtear níos mó a bhailiú agus a chur sa phost chuig carthanais nó eagraíochtaí lena n-úsáid arís.
- Iarraigí ar ghrúpa áitiúil ócáid faisin ‘Fuaigh agus Cóirigh’ a reáchtáil - éadaí a dheisiú, a athrú agus a mhaisiú le gach leas a bhaint as éadaí daoine.
- Seó faisin seanré a reáchtáil d'éadaí dara láimhe le daoine a mhealladh lena leithéid a cheannach (nasc le daltaí áitiúla meánscoile/idirbhliana).
- ‘Oíche amuigh le bruscar’ a eagrú agus daoine i mbun rudaí a dhéanamh as earraí athúsáidte. Bíonn cainteanna ar siúl ag Údaráis Áitiúla faoin ‘uaschursáil’. An bhféadfadh sibhse ceann acu a reáchtáil?
- Scéim Athúsáide / Cíosa Leabhar Scoile: An bhfuil scéimeanna in bhur scoil áitiúil chun daoine a spreagadh le leabhair/éadaí scoile a athúsáid nó a thabhairt amach ar cíos agus dá réir sin? Má tá, bígí cinnte an méid sin a chur in iúl ar an bhfoirm iontrála. Mura bhfuil, an bhféadfadh sibh rud mar sin a mholadh ar bhealach éigin?
- Áis uisce óil a sholáthar i scoil chun laghdú a bhaint amach ar an méid buidéil phlaisteacha a bhíonn ann.

- Suíomhanna gréasáin athúsáide a chur chun cinn, mar shampla www.jumbletown. ie, www.freetradeireland, www.freecycle.org, etc. Tá leathanaigh ‘saor in aisce’ ar Facebook i gcuid mhór contaetha. Spreagtar daoine ar na tionscnaimh seo le hearraí nach bhfuil uathu níos mó ach a bhfuil bail réasúnta orthu a chur ar fáil lena n-athúsáid.
- Gníomh i bhfad níos inbhuanaithe é prócaí suibhe, boscaí uibheacha, etc. a athúsáid seachas iad a iompar ar aistir fhada lena n-athchúrsáil. Ba chóir aon eagraíochtaí in bhur bpobal a dhéanann earraí a uaschúrsáil a lua, earraí cuir i gcás troscán nó éadaí (scéimeanna don gheilleagar sóisialta iad seo, uaireanta).
- An bhfuil aon ghrúpaí pobail agaibh a dhéanann earraí a athúsáid mar chuid dá gcuid gníomhaíochtaí? Mar shampla, tá botháin na bhfear ann atá i ndiaidh pailléid a úsáid le boscaí éan, soithí plandaí agus geataí tarraingteacha a dhéanamh.
- Spéaclaí caite a thabhairt ar ais chuig an radharceolaí lena n-úsáid sa domhan forbraíochta.
- Daoine a spreagadh le leabharlann agus siopaí carthanachta na háite a úsáid.
- Gréithe briste a úsáid mar dhraenáil i bpotaí plandaí.
- Clár fógraí pobail a shocrú le hearraí saor in aisce a fhógairt.
- Seisiún a eagrú maidir le táirgí glantóireachta tí a dhéanamh nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht.
- Lá cothabhála rothar a eagrú i gcomhar le club áitiúil rothaíochta agus siopa rothar áitiúil. Níos mó daoine a spreagadh le dul ag rothaíocht.
- Feachtas athchúrsála tí www.mywaste. ie/what-to-do-with-my-recycling/




## Seifteanna Gasta chun Uisce a Chaomhnú

- Sceitheanna nó sileadh uisce a dheisiú
- Súil a choinneáil ar léamha méadair - graf
- Gléasanna rialaithe sruthaithe/sruthlaithe a chur isteach
- Scoileanna Glasa - gníomhartha spárála uisce
- Buacairí a stopann go huathoibríoch nó buacairí brúigh-stop a chur isteach
- Bailiú báistí
- Garraíodóireacht/plandú chun uisce a chaomhnú

## Seifteanna Gasta don Iompar Inbhuanaithe

- Téama an Iompair i Scoileanna Glasa - www. greenschools.ie
- An Choisíocht a chur chun cinn – Suirbhé ‘Walkability’, Éirigh Gníomhach in Éirinn, Operation Transformation, Siúlóidí ar mhaithe le Croíthe níos Folláine
- Rothaíocht – bealaí sábháilte rothaíochta, scileanna rothaíochta, clubanna áitiúla rothaíochta, rothaíocht spraoi do theaghlaigh
- Áiseanna Páirceála agus Taistil, Áiseanna Páirceála agus Siúil
- Carr-roinnt
- Iompar poiblí a úsáid



## GNÓLACHTAÍ ÁITIÚLA A SPREAGADH

Más féidir, ba chóir do Choistí Bailte Slachtmhara gnólachtaí áitiúla (gnólacht amháin fiú) a spreagadh chun dramhaíl / úsáid uisce / ídiú fuinnimh / taisteal a laghdú. Beidh gnólachtaí in ann oibrithe, soláthraithe agus custaiméirí a spreagadh ansin a gcion féin a dhéanamh leis an dramhaíl a laghdú chomh maith lena n-úsáid fuinnimh / uisce a laghdú. An bhfuil aon ghnólachtaí áitiúla páirteach i Scéimeanna Athúsáide, scéimeanna ina ndéanann gnólachtaí acmhainní a mhalartú saor in aisce? Más lárionad mór uirbeach atá ann, an bhfuil Córas Bainistithe Comhshaoil i bhfeidhm ag ceann ar bith de na gnólachtaí ann, córas a chuireann iallach orthu laghduithe a bhaint amach gach bliain ó thaobh acmhainní de chomh maith lena gcreidiúintí glasa a fheabhsú? An ndéanann an siopa áitiúil iarracht pailléid nó aon choimeádán seachadta eile a athúsáid? An bhfuil scéim Cupán Coinneála acu? Má bhíonn sibh ag iarraidh beart coiscthe dramhaíola gnó a fhorbairt, thiocfadh rud breá simplí a dhéanamh, cuir i gcás an siopa áitiúil ag cur ceapairí i mála níos inbhuanaithe nó an caifé áitiúil ag dul i dtreo sceanra inmharthana seachas aon uaire. Is cuí tionscnaimh mar seo a spreagadh agus/nó a chur san áireamh in bhur n-iontráil. An gcuireann aon ghnólachtaí in bhur bpobal áitiúil bia breise ar aghaidh chuig cúiseanna carthanachta? Cuir ar an eolas iad faoin eagraíocht FoodCloud.

Tá neart acmhainní saor in aisce ar fáil do ghnólachtaí atá ag iarraidh úsáid dramhaíola/fuinnimh/uisce a laghdú. Tá Repak in ann cuairt a thabhairt ar an láithreán saor in aisce, mar shampla, agus tuairisc a chur ar fáil faoin bpacáistiú is fearr chun cuidiú le baill an méid pacáistithe a úsáidtear a laghdú. Mar ghrúpa de chuid na mBailte Slachtmhara, ní bhítear ag dúil leis go mbeidh sibh páirteach go díreach san obair seo, ach ba chóir daoibh eolas a léiriú ar aon bhaint a bheadh ag gnólachtaí áitiúla le cláir chomhshaoil.
Ba chóir tuairisc chun dáta a thabhairt agus a gcuid iarrachtaí a lua. Mar shampla, 'Gradam don Fháilteachas Glas'. D'fhéadfadh sibh iad a spreagadh le bheith páirteach sa chomórtas. Tá cláir ann a bheidh oiriúnach do gach earnáil gnó. Tá tuilleadh eolais ar www.greenbusiness.ie, nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil.




## BAILTE SLACHTMHARA AGUS SCOILEANNA

Ba chóir do Choistí na mBailte Slachtmhara aon phlé a bhíonn acu leis an scoil/na scoileanna áitiúla a léiriú i gcomhthéacs na hinbhuanaitheachta toisc go bhfuil na gnéithe céanna ag baint leis an gcatagóir seo agus cúpla ceann de théamaí na Scoileanna Glasa (dramhaíl, fuinneamh, uisce, taisteal). Más féidir, ba chóir go mbeadh ball de choiste na mBailte Slachtmhara ar choiste na Scoileanna Glasa agus ba chóir don duine sin freastal ar chuid de chruinnithe an choiste sin. Bíonn tionscadail den chineál céanna ar bun ag an scoil agus ag grúpa na mBailte Slachtmhara. Ba chóir dóibh saothrú as lámha a chéile leis na torthaí is fearr a bhaint amach. Ní mór do scoileanna an pobal a chur ar an eolas agus a mhealladh le bheith páirteach san obair - sin céim as na seacht gcéim a bhíonn ag na Scoileanna Glasa.
I mbailte móra, d'fhéadfaí ball de choiste na mBailte Slachtmhara a ainmniú mar an tOifigeach Teagmhála Óige/Scoileanna Glasa. D'fhéadfadh sibh daltaí nó grúpa áitiúil óige/gasóg a fháil le bheith páirteach ar choiste óige na mBailte Slachtmhara. Mar sin, spreagfar iad le seilbh a ghlacadh ar thionscadail agus mórtas a bheith orthu as an bpobal. Más rud é nach Scoil Ghlas í scoil áirithe, molaigí dóibh clárú ar an gclár agus cuirigí an moltóir ar an eolas faoin méid sin!
Tugaigí tuairisc chun dáta ar Chlár Brait Ghlais na scoile agus ar an mBrat atá an scoil ag iarraidh a bhaint amach. Tá naisc ann idir na téamaí atá acu agus catagóirí i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. www.greenschoolsireland.org Rud iontach fiúntach é tionscnamh comhshaoil a eagrú do dhaoine óga taobh amuigh den scoil (i saoire an tsamhraidh, mar shampla) agus ba chóir a leithéid a lua san iarratas agaibh.

## COISTE NA mBAILTE SLACHTMHARA A GHLASÚ

Cuirigí béim ar an Tíos sna mBailte Slachtmhara. Cuirigí chun cinn an teachtaireacht maidir le cur amú bia a chosc/éifeachtúlacht acmhainní a threisiú i ngach gníomhaíocht a bhaineann le comórtas na mBailte Slachtmhara. Bígí cinnte gach rud a lua san iarratas agaibh, mar shampla an úsáid theoranta a bhaintear as páipéar agus priontáil, priontáil ar an dá thaobh, ríomhphost/na meáin shóisialta a úsáid nuair is féidir, gan earraí aon uaire a úsáid agus imeachtaí á reáchtáil, úsáid ar an leibhéal is ísle as uisce agus fuinneamh san obair ó lá go lá, úsáid bhur múirín féin, etc. Rinne pobal amháin trealamh do chóisirí a stóráil in ionad an phobail agus thugaidís an trealamh amach ar cíos do chóisirí breithlae agus imeachtaí eile ar tháille bheag le dramhaíl a laghdú.

# ACHOIMRE

Is iomaí cineál gníomhaíochta is féidir a dhéanamh sa chatagóir seo. Tá súil againn go bhfuil neart smaointe leagtha amach againn daoibh. Roghnaígí gníomhaíochtaí atá feiliúnach do bhur nIonad agus a mbeidh dúil ag muintir na háite iontu, dar libh.

## Suíomhanna gréasáin úsáideacha do Shealbhóirí Tí/don Phobal

- www.mywaste.ie (Liosta ó A go Z de gach rud a bhaineann le Dramhaíl, liostaí athchúrsála, leis an nGeilleagar Ciorclach, Uaschúrsáil)
- www.localprevention.ie/tidytowns
- www.rediscoverycentre.ie (an t-ionad náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach (Baile Munna))
- www.zerowastecashel.ie
- www.irelandsdg.geohive.ie (An Mol in Éirinn do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe)
- www.voiceireland.org
- www.changex.org/ie/repaircafe (Smaointe chun imeacht áitiúil 'Deisiúcháin' a shocrú)
- www.jumbletown.ie, www.freetradeireland.ie, www.freecycle.org (suíomhanna gréasáin saor in aisce chun earraí 'a thabhairt agus a thógáil')
- www.greenhome.ie (scéim atá ag an Taisce ar a bhfuil suirbhéanna ar líne pobail/tí, chomh maith le Pleananna Gnímh)
- www.greenschoolsireland.org (Clár Scoileanna Glasa atá á riar ag An Taisce)
- www.stopfoodwaste.ie (neart leideanna/nod/oideas/bileoga ar féidir iad a íoslódáil)
- www.crni.ie (An Líonra Athchúrsálaithe Pobail in Éirinn)
- www.camara.org/give-computers (An tionscnamh chun Ríomhairí a athúsáid ar mhaithe le Carthanas)
- www.ewwr.eu (Seachtain na hEorpa chun Dramhaíl a Laghdú, imeacht pobail a chur chun cinn)
- www.ipcc.ie (Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann - leideanna ar mhúirín/piastlanna, etc.)
- www.consciouscup.ie (Feachtas chun daoine a mhealladh le cupáin chaife in-athúsáidte a úsáid)
- www.water.ie/conserve/#content (Leideanna chun uisce a chaomhnú sa bhaile)
- www.seai.ie (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) Leideanna spárála fuinnimh/airgid d'áiteanna cónaithe/scoileanna/gnólachtaí. Suirbhé Fuinnimh Baile san áireamh.)
- www.taptips.ie (Leideanna chun uisce a chaomhnú sa bhaile/ar scoil/ar obair. Suirbhé ann chomh maith le póstaeir, bileoga dathaithe do leanaí)
- www.energyaction.ie/ea/our-background (Seirbhísí inslithe saor in aisce i mórcheantar Bhaile Átha Cliath)
- www.facebook.com/GreenCommunitiesIreland
- www.incredible-edible-todmorden.co.uk (pobal a fhásann bia áitiúil sa bhaile mór don phobal féin)
- www.incredibleedibles.ie (tionscnamh bia fholláin do scoileanna le daoine a spreagadh le torthaí/glasraí a fhás)
- www.giy.ie/get-growing (suíomh gréasáin maidir le bia a fhás)
- www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2020/04/SRWMO-Greener-Gardening-Booklet-Onscreen- Use-AW.pdf
- Seans gur cuidiú a bheadh sna suíomhanna gréasáin atá ag an Údarás Áitiúil (an Rannóg Comhshaoil) agus ag an Oifig Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola, chomh maith le Suíomhanna Garraíodóireachta a chuireann an Cosc ar Dhramhaíl agus an gharraíodóireacht ar mhaithe leis an gcomhshaol chun cinn.

## Suíomhanna gréasáin úsáideacha a bhaineann go sonrach le Gnólachtaí

- www.epa.ie/begreen (naisc chuig cláir 'ghlasa' atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, mar shampla gnólacht glas, fáilteachas glas, cúram sláinte glas)
- www.greenbusiness.ie/sme-efficiency-and-cost-reduction-questionnaire
- www.localprevention.ie/projects (cás-staidéir faoin dramhaíl a chosc ó earnálacha éagsúla)
- www.repak.ie/members/packaging-optimisation-design (clár ó Repak chun dramhaíl pacáistí a chosc)
- www.planet-lean.com (Is iad na heagraíochtaí barainneacha na heagraíochtaí atá níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol)
- www.leanbusinessireland.ie
- www.everycancounts.ie (Scéim athchúrsála cannaí do ghnólachtaí/don phobal)
- www.stopfoodwaste.ie/resources/business

# NÓTAÍ